



An Coimisiún  
Eorpach



*Oideachas agus Oiliúint 2020*

Beartas scoileanna

Cur chuige sa scoil uile  
i leith dul i ngleic le luathfhágáil  
na scoile Teachtaireachtaí  
beartais

## **AN COIMISIÚN EORPACH**

Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir

Stiúrthóireacht B - Nua-aoisiú an Oideachais II: Beartas agus clár oideachais, Nuáil, EIT agus MSCA

Aonad B.2 - Scoileanna agus oidí; ilteangachas

*Teagmhálaithe:* Annalisa Cannoni, Petra Goran

*R-phost:* [EAC-UNITE-B2@ec.europa.eu@ec.europa.eu](mailto:EAC-UNITE-B2@ec.europa.eu@ec.europa.eu)

*An Coimisiún Eorpach  
B-1049, An Bhruiséil*

*Oideachas agus Oiliúint 2020*

## **Beartas scoileanna**

# **Cur chuige sa scoil uile i leith dul i ngleic le luathfhágáil na scoile**

Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir

## **Buíochas:**

Cuirtear i láthair sa pháipéar seo torthaí Ghrúpa Oibre um Beartas Scoileanna ET2020 an Aontais Eorpaigh (2014-15)<sup>1</sup> maidir lena théama tosaíochta "luathfhágáil na scoile". Léirítear ann torthaí ar chomhobair a rinne ionadaithe rialtais náisiúnta ó 30 tír den AE agus de thíortha comhlachaithe Eorpacha, agus eagraíochtaí Eorpacha de chomhpháirtithe sóisialta. Ba mhaith leis an gCoimisiún a bhuíochas a ghabháil leis na cuiditheoirí seo uile, agus aitheantas a thabhairt go háirithe do bhaill an Bhoird Eagarthóireachta, Paulo André, Mario Cardona, Anna Imre, Chris Kelly, Daniel Taubman, Charles Dolan agus le comhairleoir an Choimisiúin, Iлона Murphy, as an méid a rinne siad chun an obair seo a chur ar aghaidh.

Ina theannta sin, ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghlacadh leis na saineolaithe uile a thug tuairimí ar an bpáipéar agus a thairg ionchur mórluachmhar maidir le hobair an Ghrúpa Oibre, go háirithe an Dr. Alessio D'Angelo, an tOllamh Paul Downes, an tOllamh Alan Dyson, an Dr Boris Jokić, an tOllamh Dr. Erna Nairz-Wirth, Catherine Pérotin, an Dr. Ward Nouwen, an tOllamh Teresa Sordé Martí, agus le líonraí beartais AE SIRIUS, EPNoSL agus ELGPN.

***Is seirbhís í Europe Direct a chabhraíonn leat freagraí a aimsiú ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach.***

**Uimhir shaorghlao (\*):  
00 800 6 7 8 9 10 11**

(\*) Tugtar an fhaisnéis saor in aisce, agus bíonn formhór na nglaoanna saor in aisce, leis (cé go bhféadfadh oibreoirí, boscaí fóin nó óstáin áirithe táillí a ghearradh ort).

Gheofar breis faisnéise ar an Aontas Eorpach ar an Idirlíon: (<http://europa.eu>).

© An tAontas Eorpach, 2015

Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé.

## **CUR CHUIGE SA SCOIL UILE I LEITH DHUL I NGLEIC LE LUATHFHÁGÁIL NA SCOILE**

### **Na príomhráitis**

Is gníomhaí tábhachtach é an scoil ó thaobh dul i ngleic le luathfhágáil na scoile ach ní féidir léi an fhadhb a réiteach ina haonar, de bhrí go bhfuil tosca lasmuigh den scoil a bhfuil tionchar acu ar rannpháirtíocht agus ar rath an fhoghlaimora. Mar sin, is gá “cur chuige sa scoil uile” i leith luathfhágáil na scoile. Is éard atá i gceist sa chur chuige seo ná gníomhaíocht chomhtháite, chomhchoiteann agus chomhoibritheach ó phobal uile na scoile (ceannairí scoile, foireann mhúinteoireachta agus neamhmhúinteoireachta, foghlaimoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh), le comhoibriú láidir le geallsealbhóirí seachtracha agus leis an bpobal i gcoitinne.

Le cur chuige sa scoil uile is féidir le scoileanna leorfhreagairt a thabhairt ar na dúshlán nua chasta nár mhór do scoileanna díriú orthu, dúshlán a bhfuil baint acu leis an méadú ar éagsúlacht sa tsochaí.

Is den riachtanas é ceannaireacht agus rialachas éifeachtach a bheith ann. Is gá é chun cultúr dearfach scoile, obair bhuíne agus cleachtais chomhoibritheacha a chur chun cinn i measc phobal na scoile. Is gá é, leis, chun gníomhaithe scoile agus geallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun rath oideachasúil a chinntiú agus luathfhágáil na scoile a chosc.

Ba chóir spriocanna a bheith san áireamh i bpróisis forbartha agus feabhsúcháin scoile, spriocanna trína ndíreofar ar na cúiseanna bunúsacha le luathfhágáil na scoile. Ba chóir go mbeadh pobal uile na scoile, geallsealbhóirí, foirne ilghairme, seirbhísí áitiúla seachtracha, tuismitheoirí agus teaghlaigh bainteach leis.

Tá gá le gealltanas infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach i gcás ceannairí scoile, múinteoirí agus foireann scoile eile, ag díriú ar a bheith feasach ar phróisis luathfhágála na scoile, agus sna hinniúlachtaí agus sna scileanna is gá chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachais agus ar easpa rannpháirtíochta i measc mac léinn.

Is den riachtanas é a chinntiú go mbíonn deis chothrom ag gach leanbh agus duine óg oideachas ardchaighdeán agus cuimsitheach a fháil, agus tairbhe a bhaint as. Is é an tslí is éifeachtaí chun luathfhágáil na scoile agus eisiámh sóisialta a chosc ná deis a thabhairt d’fhoireann inspreagúil dúthrachtach chun curaclam tarraingteach ábhartha a chur ar fáil.

Ní mór na foghlaimoirí uile agus a riachtanais éagsúla a bheith i gceartlár an oideachais. Ní mór dóibh a bheith gníomhach ina gcuid foghlama féin agus an tacaíocht agus na seirbhísí cuí a bheith ar fáil dóibh. Ní mór don scoil timpeallacht foghlama atá cásmhar, spreagúil agus fabhrach chun foghlama a thairiscint agus ardionchais a shocrú don uile fhoghlaimoir le go gcomhlíonfaidh siad gach gealladh atá fúthu.

Is comhfhreagracht é an t-oideachas idir tuismitheoirí agus an scoil – ní mór é a bhunú ar iontaobh fhrithpháirteach agus ar chomhar idir an dá ghrúpa.

# CUR CHUIGE SA SCOIL UILE I LEITH DHUL I NGLEIC LE LUATHFHÁGÁIL NA SCOILE

## TEACHTAIREACHTAÍ BEARTAIS

### Réamhrá

Is údar mór imní é luathfhágáil na scoile<sup>1</sup> do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar. Meastar gurb iad na scileanna agus na hinniúlachtaí a shealbhaítear sa mheánoideachas uachtarach na híoscháilíochtaí is gá chun dul isteach sa mhargadh saothair agus chun bonn a chur faoi dheiseanna breisoideachais agus oiliúna. Is cabhair iad na scileanna agus na hinniúlachtaí seo do dhaoine óga agus iad ag ullmhú chun dul amach sa saol; cabhraíonn siad leo an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh ionas go dtiocfaidh siad chun bheith ina saoránaigh chomhlíonta ghníomhacha. Mar sin féin, de réir shonraí Eurostat 2014, tá 11.1% de dhaoine idir 18 agus 24 bliana d'aois tar éis an córas oideachais agus oiliúna a fhágáil gan clár meánoideachais uachtaraigh a bheith críochnaithe acu<sup>2</sup>. I gcás daoine a rugadh thar lear tá sé a dhá oiread níos dóchúla go bhfágfaidh siad an córas oideachais agus oiliúna go luath i gcomparáid le daoine a rugadh sa tír ina bhfuil cónaí orthu<sup>3</sup>. Bíonn 60% nó mar sin de lucht luathfhágála na scoile dífhostaithe nó neamhghníomhach agus bíonn siad i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch san fhadtárma. Tá neart fianaise ann gur lú deiseanna fostaíochta a bhíonn ag daoine a fhágann an córas oideachais agus oiliúna go luath agus gur mó an dóchúlacht go mbeidh siad dífhostaithe, bocht agus eisithe go sóisialta<sup>4</sup>.

Admhaítear go forleathan a chasta agus a iltaobhaí atá luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus an gá atá le cur chuige a bheidh chomh hilghnéitheach céanna chun díriú go leordhóthanach ar na cúiseanna éagsúla atá léi. Tá baint idir mórchuid de na bunchúiseanna agus an tionchar atá ag tosca sochaíocha níos forleithne lasmuigh den chóras oideachais. Is minic go bhfuil luathfhágáil na scoile ina **toradh ar thosca éagsúla pearsanta, sóisialta, eacnamaíocha, oideachais agus teaghlach**, iad nasctha go dlúth agus an **míbhuntáiste carnach** ina thoradh orthu. Is minic gur toradh é luathfhágáil na scoile ar phróiseas trína ndícheanglaítear de réir a chéile ón oideachas, próiseas atá nasctha le tearcghnóthachtáil, a bhféadfadh fréamhacha a

<sup>1</sup> Sa doiciméad seo, úsáidtear na téarmaí luathfhágáil na scoile agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna mar théarmaí idirmhalartaithe. Is tagairt iad araon do shainmhíniú coiteann ar lucht luathfhágála na scoile mar iad siúd idir 18 agus 24 bliana a bhfuil meánoideachas íochtarach ar a mhéad acu (ISCED 0, 1, 2 nó 3c gearr) agus nach bhfuil ag fáil oideachas ná oiliúint fhoirmiúil ná neamhfoirmiúil faoi láthair.

<sup>2</sup> Is ón Suirbhé AE ar an Lucht Saothair 2014 a thagann na tomhais uile.

<sup>3</sup> Ní féidir conclúidí deifnídeacha a bhaint as sonraí maidir le daoine a rugadh thar lear ós rud é nach bhfuil siad ar fáil i gcás na mBallstát uile. Ina theannta sin, is minic méideanna samplaí a bheith róbheag le bheith iontaofa (féachtar an Coimisiún Eorpach, Education and Training Monitor 2015, le foilsiú [http://ec.europa.eu/education/tools/et-monitor\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/education/tools/et-monitor_ga.htm)).

<sup>4</sup> Féachtar, mar shampla, OECD (2012) Equity and Quality in Education (<http://www.oecd.org/education/school/50293148.pdf>), nó páipéar oibre fhoireann an Choimisiúin (2011) dar teideal "Reducing early school leaving" - doiciméad a ghabhann leis an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle ar bheartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (<http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52011SC0096&from=EN>).

bheith aige i mblianta na luath-óige. De réir an taighde, is iad stádas socheacnamaíoch agus gnóthachtáil oideachais tuismitheoirí na tosca is mó a chinneann cibé an bhfágfaidh mac léinn an scoil go luath.

Lena chois sin, is féidir gur déine an míbhuntáiste oideachais de bharr **gnéithe áirithe dár gcórais oideachais agus oiliúna**, a chruthaíonn baic bhreise d'fhoghlaimoirí atá ag streachailt agus a chuireann constaicí ina gcosáin oideachais. Taispeántar sa taighde go bhfeictear éagothroime láidir sóisialta i ngnóthachtáil oideachais i gcórais arb iad a gcomharthaí sóirt ná coinneáil grád, rianú luath<sup>5</sup>, easpa tacaíochta d'fhoghlaimoirí, easpa gairmoideachais agus oiliúna agus soláthar teoranta oideachais agus cúraim i mblianta na luath-óige. **Ar leibhéal na scoile**, bíonn tionchar ag cleachtais scoile agus seomra ranga, ag dearcaí múinteoirí agus ag stíleanna múinteoireachta ar a inspreatha agus a thiomanta a bhíonn daoine óige i leith an oideachais: ar na tosca a fhéadann daoine a spreagadh chun éirí as an oideachas go róluathá timpeallacht neamhfhabhrach scoile, easpa daltalárnachta, easpa feasachta ar mhíbhuntáiste oideachais, foréigean agus bulaíocht, droch-chaidreamh idir múinteoirí agus daltaí, agus modhanna múinte agus curaclaim a mheastar nach mbaineann le hábhar<sup>6</sup>.

## Freagairt beartais ar leibhéal an AE

Ar leibhéal na hEorpa, aibhsíodh i straitéis Eoraip 2020 an gá atá le luathfhágáil na scoile a laghdú<sup>7</sup>. **Is é ceann amháin dá cúig sprioc cheannlíne ná luathfhágáil na scoile a laghdú go dtí faoi bhun 10% faoi 2020. I 2011 ghlac an Chomhairle le Moladh maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú<sup>8</sup>. Tugtar cuireadh ann do Bhallstáit straitéisí bunaithe ar fhianaise agus straitéisí cuimsitheacha** a chur chun feidhme, trína ndíreofaí ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna agus ina mbeadh an meascán ceart de bhearta coiscthe, idirghabhála agus cúitimh. Cuireadh tús le comhar beartais idir tíortha Eorpacha trí Ghrúpa Oibre Téamach maidir le luathfhágáil na scoile, d'fhonn tacú le cur chun feidhme an Mholta<sup>9</sup>.

Seoladh Grúpa Oibre nua Oideachais agus Oiliúna 2020 ar Bheartas Scoileanna i 2014, ag tógáil ar thorthaí an ghrúpa sin, Grúpa atá comhdhéanta de dhéantóirí beartas ó gach ceann de na Ballstáit AE, nach mór, ón Iorua, ón tSeirbia agus ón Tuirc, agus d'ionadaithe ó chomhpháirtithe sóisialta Eorpacha. Athdheimhníonn an Grúpa Oibre seo an gá atá le creat beartas cuimsitheach agus fadtéarmach trína ndéanfaí bearta coisctheacha, idirghabhála agus cúitimh a chur i bhfocail ar bhonn comhsheasmhach,

<sup>5</sup> Is tagairt é an téarma do staideanna inar gá d'fhoghlaimoirí agus dá dteaghlaigh roghanna éigeantacha a dhéanamh ag aois luath idir cosáin dhifriúla oideachais.

<sup>6</sup> Gheofar foramharc a rinneadh le déanaí ar na cúiseanna le luathfhágáil na scoile in Eurydice and Cedefop (2014) Tackling early leaving from education and training in Europe – Strategies, policies and measures, [http://eacea.ec.europa.eu/education/eurydice/documents/thematic\\_reports/175en.pdf](http://eacea.ec.europa.eu/education/eurydice/documents/thematic_reports/175en.pdf)

<sup>7</sup> Eoraip 2020. Straitéis chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach, COM (2010)2020. Breis faisnéise ag [http://ec.europa.eu/europe2020/index\\_ga.htm](http://ec.europa.eu/europe2020/index_ga.htm)

<sup>8</sup> [http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1441711487189&uri=CELEX:32011H0701\(01\)](http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1441711487189&uri=CELEX:32011H0701(01))

<sup>9</sup> [http://ec.europa.eu/education/policy/strategic-framework/archive/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/education/policy/strategic-framework/archive/index_en.htm) Áirítear ar Thuarascáil Deiridh an Ghrúpa Oibre Téamaigh, a foilsíodh i Samhain 2013, príomhtheachtaireachtaí le haghaidh lucht déanta beartas, seicliosta ar bheartais chuimsitheacha agus iarscríbhinn ina bhfaightear samplaí de chleachtais ó roinnt tíortha AE: [http://ec.europa.eu/education/policy/strategic-framework/archive/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/education/policy/strategic-framework/archive/index_en.htm)

agus ina theannta sin tá sé ag díriú **ar chosc na luathfhágála scoile agus ar idirghabháil a dhéanamh maidir léi ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal áitiúil**. Trí phiarfhoghlaim, anailís ar chás-staidéir, mapáil (de shocruithe rialachais scoile agus de chleachtais chun tacú le foghlaimeoirí), ionchur ó thaighde idirnáisiúnta, idirphlé le saeolaithe, agus ceardlanna doimhne dírithe ar thír, tá an Grúpa Oibre ag féachaint ar shlite ina bhféadfaí **cineálacha cur chuige iomlánaíoch agus comhoibritheach i leith luathfhágáil na scoile** a chur chun feidhme. Trí “Uirlisí Úsáide Eorpacha le haghaidh Scoileanna maidir le hoideachas cuimsitheach agus cosc luathfhágáil na scoile” a fhorbairt mar áis thiomnaithe ar líne<sup>10</sup>, tá an Grúpa Oibre ag féachaint le tacaíocht nithiúil a chur ar fáil do scoileanna chun luathfhágáil a chosc, le freagairt ghasta chúil a thabhairt ar na chéad chomharthaí go bhfuiltear ag dícheangal agus le cinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir toradh sásúil a bhaint amach.

Le deireanas thug Uachtaránacht Lucsamburg ar an Aontas Eorpach áit ard ar a clár oibre do luathfhágáil na scoile, rud a chuir borradh úrnua faoin díospóireacht ar an tsaincheist seo. Ag an Siompóisiam a eagraíodh i Lucsamburg in Iúil 2015 agus an togra le haghaidh Conclúidí na Comhairle a bheidh le glacadh le hAirí Oideachais i 2015 deimhníodh agus athneartaíodh na conclúidí ar thángthas orthu le comhar beartais ar an tsaincheist seo.

Achoimrítear sa pháipéar seo príomhchonclúidí an Ghrúpa Oibre ar Bheartas Scoileanna agus aithnítear ann na **príomhdhálaí le haghaidh cineálacha cur chuige comhoibritheach** in aghaidh luathfhágáil na scoile agus míbhuntáiste oideachais ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal áitiúil. Tá an páipéar seo ag díriú ar údarais oideachais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnacha agus/nó áitiúla, mar is cuí agus ábhartha de réir comhthéacsanna náisiúnta, agus ar scoileanna. Beidh sé ag gabháil leis na “Uirlisí Úsáide Eorpacha le haghaidh Scoileanna” a fhoilseofar go luath agus comhlánóidh sé iad.

## “Cur chuige sa scoil uile” i leith dul i ngleic le luathfhágáil na scoile

Ní mór beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú a neadú i **bhfís oideachais chuimsitheach foghlaimeoirí**, ina mbeidh rochtain ag cách ar oideachas ardchaighdeáin. I bhfís dá sórt, beidh ról fíorthábhachtach ag na scoileanna le cinntiú go gcomhlíonann gach foghlaimeoir an gealladh atá faoi nó fúithi, beag beann ar thosca aonair agus ar thosca teaghlaigh, ar stádas socheacnamaíoch agus ar thaithí ar an saol. Ba chóir gur timpeallachtaí foghlama sábháilte, fáilteacha agus cásmhara iad scoileanna, a fhéachann leis na foghlaimeoirí a spreagadh, inar féidir le leanaí agus le daoine óga dul i mbun fáis agus forbartha mar dhaoine aonair agus mar bhaill den phobal, ina mbraithfidh siad go bhfuil meas orthu agus go bhfuil tábhacht leo agus go n-aithnítear na buanna agus na riachtanais shonracha atá acu.

De bharr a iltaobhaí atá an tsaincheist seo, ní bheidh ar chumas scoileanna dul i ngleic le luathfhágáil na scoile agus le míbhuntáiste oideachais ina n-aonar. Beidh gá le comhoibriú agus le hiarrachtaí comhtháite ó gheallsealbhóirí agus ó sheirbhísí éagsúla, sa scoil féin agus lasmuigh di. Is í an scoil an áit chiallmhar le tús a chur le comhoibriú pobail. Chuige sin is gá **“cur chuige sa scoil uile”**.

<sup>10</sup> Beidh “Uirlisí Úsáide Eorpacha le haghaidh Scoileanna” ar fáil ag an nGeata Oideachais Scoile (<http://www.schooleducationgateway.eu/en/pub/index.htm>); beidh an leagan píolótach ar fáil roimh dheireadh 2015.



Is slí é “cur chuige sa scoil uile” chun féachaint ar scoil ar shlí éiceolaíoch. Ar an tslí seo, féachtar ar an scoil mar chóras iltoiseach agus idirghníomhach ar féidir leis foghlaim agus athrú a dhéanamh; mol oscailte foghlama trína dtacaítear leis an gcomharsanacht agus a fhaigheann tacaíocht ón bpobal.

Is éard a chiallaíonn sé “cur chuige sa scoil uile” a fhorbairt i leith luathfhágáil na scoile a laghdú ná an cuspóir maidir le deireadh a chur le luathfhágáil agus le rath oideachais a spreagadh a chur chun cinn go leanúnach agus go córasach i ngach gné de shaol na scoile a fhéadfadh difríocht a dhéanamh don ghnóthachtáil oideachais. I “gcur chuige sa scoil uile” braitheann **gach ball de phobal na scoile** (ceannairí scoile, lucht meánbhainistíochta, foireann mhúinteoireachta agus foireann neamh-mhúinteoireachta, foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh) go bhfuil sé de chúram orthu dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais agus le cosc na luathfhágála, agus glacann siad ról gníomhach sa mhéid sin. Glacann pobal na scoile uile páirt i ngníomhaíocht chomhtháite, chomhchoiteann agus chomhoibritheach, bunaithe ar ildisciplíneacht agus ar dhifreáil<sup>11</sup>, trína bhféachtar le tacú le gach foghlaimeoir ar an tslí is oiriúnaí. Bíonn cultúr agus aeráid “scoile uile maidir le foghlaimeoir uile” i bhfeidhm, d’fhonn gnóthachtáil oideachais agus iompar foghlaimeoirí a fheabhsú, agus tacú lena bhfolláine mhothúchánach, shóisialta agus shíceolaíoch.

Rud eile atá i gceist le “cur chuige sa scoil uile” ná **cur chuige trasearnála** agus **comhar níos láidre le raon leathan geallsealbhóirí** (seirbhísí sóisialta, seirbhísí óige, oibríthe cúraim for-rochtana, síceolaithe, altráí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, gairmspeisialtóirí, údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht gnó, ceardchumainn, saorálaithe, srl.) **agus an pobal i gcoitinne**, chun déileáil le saincheisteanna nach bhfuil an saineolas ábhartha ag scoileanna chun déileáil leo, saineolas nach féidir le scoileanna a fháil. Leis an gcoincheap “cur chuige sa scoil uile” is féidir aird a thabhairt ar chóras iomlán na ngníomhaithe agus ar an idirchaidreamh eatarthu sa scoil, ag admháil leis go bhfuil cúram ar gach geallsealbhóir tacú le haistear oideachais foghlaimeoirí agus taithí foghlama a chothú iontu.

Rachaidh “cur chuige sa scoil uile” chun tairbhe gach foghlaimeora, ní amháin iad siúd atá i mbaol. Cabhróidh sé le scoileanna dul i ngleic le raon leathan saincheisteanna casta, na cineálacha saincheisteanna a mbíonn ar scoileanna díriú orthu anois níos mó ná riamh. Tá éilimh nua ar scoileanna agus is gá dóibh freagairtí córasacha comhoibritheacha a cheapadh ar na héilimh seo. I measc na rudaí is cúis leis na dúshlán nua seo tá an méadú ar éagsúlacht, ar éagothroime agus ar eisiámh sóisialta, agus an méadú a tharla le deireanas ar líon na n-imirceach.

Is gá méid áirithe ama a chaitheamh chun comhoibriú a fhorbairt, agus bíonn gá le hathrú meoin uaireanta. Ní mór do dhaoine a bheith toilteanach agus sásta triail a bhaint as cineálacha nuálacha cur chuige chun dul i mbun oibre i suíomhanna trasdisciplíneacha. Bíonn gá, leis, le tuilleadh ama agus spáis le haghaidh idirphlé agus comhair, le níos mó rannpháirtíochta ó fhoghlaimeoirí agus le bainteacht níos láidre ó thuismitheoirí agus ó theaghlaigh.

**Ní mór scoileanna a chumasú chun “cur chuige sa scoil uile” a fhorbairt agus a chur chun feidhme.** Ní mór tacaíocht ar leith a chur ar fáil do scoileanna a bhfuil rátaí arda luathfhágála scoile acu nó atá suite i gceantair ina bhfuil mórchuid den

<sup>11</sup> Is éard is brí le “difreáil” ná próiseas trína saincheaptar cineálacha cur chuige múinteoireachta chun freastal ar riachtanais shonrach foghlaimeoirí aonair nó grúpaí foghlaimeoirí, agus/nó i leith tosca sonracha. Éilíonn difreáil go mbeadh oidí in ann rogha a dhéanamh as measc teicnící múinteoireachta agus oiriúnuithe ceachta d’fhonn dul i mbun oibre le grúpa éagsúil mac léinn, a bhfuil riachtanais foghlama éagsúla acu, sa chúrsa, sa seomra ranga nó sa timpeallacht foghlama chéanna.

daonra ar imeall an tsaoil shocheacnamaíoch. D'fhéadfaí a áireamh sa tacaíocht seo tacaíocht bhreise airgeadais agus acmhainní daonna, mar shampla, nó tacaíocht bhreise le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne, mar aon le monatóireacht leanúnach. Ba chóir struchtúir agus meicníochtaí tacaíochta a bheith i bhfeidhm, leis, le cinntiú go mbeidh idirphlé agus sruth faisnéise idir gach taobh i measc lucht na scoile, a geallsealbhóirí agus na húdaráis phoiblí ar na leibhéil chuí (ag brath ar thosca náisiúnta agus le meas ar phrionsabail na coimhdeachta) le cinntiú go dtuigeann lucht déanta beartais an méid atá i gceist sna scoileanna ó lá go lá. Chabhródh sé sa mhéid seo páirt chórasach a thabhairt do na scoileanna i gceapadh beartas.

Eagraíodh na príomhdhálaí le haghaidh **"cur chuige sa scoil uile"** i leith **luathfhágáil na scoile** ina gcúig cinn de réimsí bunaithe ar théama, réimsí a bhfuil dlúthghaol acu le chéile. Tugtar cuntas níos iomláine ar gach ceann de na réimsí seo sna "hUirlisí Úsáide le haghaidh Scoileanna" agus comhlánaítear iad le samplaí agus le bearta praiticiúla. I réimsí áirithe, ba chóir smaoineamh ar bhreis oibre a dhéanamh ar leibhéal Eorpach:

1. Rialachas scoile
2. Tacaíocht d'fhoghlaimoírí
3. Múinteoirí
4. Tuismitheoirí agus teaghligh
5. Bainteacht geallsealbhóirí

## **1. Rialachas scoile**

Tá gá le **ceannaireacht agus rialachas scoile atá inniúil agus éifeachtach** chun cultúr agus éiteas dearfach comhoibritheach a chur chun cinn, cultúr agus éiteas ina mbeidh gach gníomhaí sa scoil páirteach agus lena mbunófar naisc láidre leis an bpobal mórthimpeall na scoile. Beidh na nithe seo a leanas den riachtanas:

- Breis solúbthachta/uathrialachais sna scoileanna: I bhfianaise a chasta atá fadhb luathfhágáil na scoile is gá cineálacha cur chuige níos solúbtha agus níos nuálaí. Ba chóir breis solúbthachta a thabhairt do na scoileanna maidir le socruithe rialachais scoile, cleachtais mhúinteoireachta agus cur chun feidhme an churaclaim (le scóip níos mó chun cineálacha cur chuige trialacha a ghlacadh i leith luathfhágáil na scoile) mar shampla. Le breis uathrialachais sna scoileanna, mar aon le cuntasacht láidir, is féidir le scoileanna na réitigh is oiriúnaí ar staideanna casta a aithint, agus an soláthar is fearr is féidir a dhéanamh do riachtanais shonracha phobal na scoile.
- Roghnú, tacaíocht agus oiliúint do chinn scoile: Tá ról fíorthábhachtach ag cinn scoile i dtaca le "cur chuige sa scoil uile" a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go háirithe trí stíl ceannaireachta a luíonn le tarmligean cumhachta a ghlacadh agus trí breis spáis agus ama a chur i leataobh le haghaidh comhair. Bíonn cinn scoile thiomnaithe, inniúla, inspreagtha, a chloíonn le luachanna, de dhíth ar scoileanna; ceannairí a bhfuil fíis shoiléir agus cumas eagraithe acu, mar aon leis an gcumas glacadh le freagrachtaí nua, údarás agus cumhacht a chomhroinnt agus idirphlé a chur chun cinn idir gníomhaithe uile na scoile agus geallsealbhóirí eile i dtaobh spriocanna agus freagrachtaí atá i bpáirt acu. Is iad cinn scoile na príomhghníomhaithe ó thaobh timpeallacht thacúil a éascú do mhúinteoirí, mar a

spreagtar foghlaim múinteoirí ó mhúinteoir eile, agus ina gcuirtear am i leataobh le haghaidh aiseolais, machnaimh agus líonraithe sa scoil féin agus idir scoileanna. Tá ról fíorthábhachtach acu ó thaobh deiseanna agus timpeallachtaí a chur ar fáil le haghaidh oideachas tosaigh múinteoirí ina ndírítear ar chleachtas, agus forbairt ghairmiúil leanúnach bunaithe ar thaighde a gcaithfidh fócas ar luathfhágáil na scoile a bheith san áireamh ann. Is gá machnamh a dhéanamh ar na hinniúlachtaí agus na riachtanais oiliúna a bhíonn de dhíth ar chinn scoile. Le bheith éifeachtach, ní mór cinn scoile a roghnú, a ullmhú agus a thacú go cuí. I gcás forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach do chinn scoile nua, do chinn scoile bunaithe agus do mhúinteoirí atá ag súil le post mar cheann scoile, ba chóir feachtas a mhúscailt iontu ar mheicníochtaí maidir le luathfhágáil na scoile agus ar a thábhachtaí atá an cheannaireacht agus an comhoibriú (lena n-áirítear comhoibriú le teaghlaigh agus leis an bpobal i gcoitinne). Tá ardoiliúint do chinn scoile atá le ceapadh agus/nó cinn scoile atá ar seirbhís curtha chun feidhme ag tíortha áirithe nó tá sí á cur chun feidhme acu, agus tá creataí inniúlachtaí le haghaidh cinn scoile á bhforbairt ag cuid acu.

- Ceannaireacht dháilte: Chun samhail cheannaireachta dáilte a chur chun feidhme i scoil, leis an gcuspóir an fhoghlaim a fheabhsú, is gá cleachtas machnamhach a fhorbairt agus tascanna agus freagrachtaí a chomhroinnt i measc phobal uile na scoile. Ba chóir go mbeadh cinn scoile in ann múinteoirí a spreagadh le príomhról a ghlacadh i réimsí áirithe saineolais, freagracht a ghlacadh orthu féin agus oibriú ar a dtionscnamh féin ina n-aonar nó mar ghrúpaí; ba chóir go gcuirfidís obair bhuíne, ildisciplíneacht agus comhar gairmiúil chun cinn idir an fhoireann mhúinteoireachta agus an fhoireann neamh-mhúinteoireachta, le geallsealbhóirí, gairmithe agus seirbhísí eile. Chun samhail cheannaireachta dáilte a ghlacadh is gá rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus a dteaghlaigh i saol na scoile agus i bpróisis chinnteoireachta, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a mhéadú.
- Próisis um fheabhsú na scoile uile: Le cur chuige sa scoil uile féachtar le cáilíocht agus caighdeán ar fud na scoile a mhéadú. Le go mbeidh rath ar an gcur chuige seo, ní mór do scoileanna riachtanais phobal na scoile a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus tabhairt faoi phróisis leanúnacha timthriallacha chun feabhsú a bhaint amach. Scoileanna a bhaineann úsáid ghníomhach as pleanáil scoile agus as (féin)mheastóireacht scoile, is amhlaidh go mbeidh níos mó cumais acu chun deireadh a chur le luathfhágáil na scoile. Lena linn sin, ba chóir spriocanna a bheith san áireamh i bpleananna forbartha scoile agus i bpróisis féinmheastóireachta, spriocanna trína ndíreofar ar na cúiseanna bunúsacha le luathfhágáil na scoile agus trína gcuirfear rath oideachais chun cinn, ag cur caighdeán náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san áireamh. Ba chóir go mbeadh oscailt agus trédhearcacht ina gcomharthaí sóirt de phróisis fheabhsúcháin sa scoil uile; ba chóir do phobal uile na scoile (lena n-áirítear foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh) iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar shlí rannpháirteach, le geallsealbhóirí, foirne ilghairme agus seirbhísí áitiúla seachtracha. Ba chóir iad a bheith bunaithe ar spriocanna coiteanna agus ar ról agus ar fhreagrachtaí atá leagtha amach go soiléir; ba chóir táscairí soiléire, bunaithe ar thosca riosca agus cosanta, a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsuithe. Ba chóir bearta tacaíochta le haghaidh fhoireann na scoile, lena n-áirítear cláir struchtúrtha ionduchtúcháin agus forbairt ghairmiúil leanúnach, a leabú go hiomlán i bpleananna forbartha scoile.
- Meicníochtaí monatóireachta agus measúnachta seachtracha (dearbhu cáilíochta): bunaithe ar bhearta cainníochtúla agus cáilíochtúla a léiríonn éagsúlacht na ngníomhaíochtaí dá bhfuil an scoil freagrach, agus na pointí/comhthéacsanna tosaigh difriúla ina n-oibríonn scoileanna (m.sh. ag iarraidh “breisluach” scoile a

thomhas), is féidir le meicníochtaí um dhearbhú cáilíochta ról comhairleach agus tacúil a bheith acu i scoileanna agus iad cur a gcuid straitéisí luathfhágáil na scoile chun feidhme. Is é an cuspóir próisis rathúla athraithe agus forbartha sna scoileanna a aibhsiú. Is féidir le táscairí cáilíochtúla, thar aon ní eile, cabhrú le scoileanna machnamh a dhéanamh ar bhearta atá i bhfeidhm nó a d'fhéadfaí a fhorbairt chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile. Is cosúil gur éifeachtaí na meicníochtaí um dhearbhú cáilíochta nuair a chomhlánaíonn an fheidhm "shuimitheach" (a bhaineann le cuntasacht, rialú agus seiceáil comhlíontachta) agus an fheidhm "fhoirmitheach" a chéile, agus go n-athneartaíonn siad a chéile go frithpháirteach<sup>12</sup>.

- **Líonrú idir scoileanna:** is féidir le comhar agus líonrú idir scoileanna de chineálacha agus de leibhéal dhifriúla atá suite sa scoilcheantar céanna malartú cleachtas a éascú, agus cabhrú chun na hathruithe ríthábhachtacha ón oideachas agus cúram luath-óige go dtí an bunscoil, agus ón mbunoideachas go dtí an meánoideachas a dhéanamh níos fusa d'fhoghlaimoirí agus dá dteaghlaigh. Is féidir go mbeidh ról tábhachtach ag údaráis áitiúla i gcur chun cinn an chomhair seo. Ba chóir pobail líonraithe agus pobail foghlama ilghairme ar leibhéal réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhisiú, leis, chun foghlaim fhrithpháirteach agus scaipeadh cleachtas a chur chun cinn.

## 2. Tacaíocht d'fhoghlaimoirí

Is den riachtanas é timpeallacht foghlama spreagúil agus chothaitheach a bheith ann, ina socraítear ardionchais do na foghlaimoirí uile. Ba chóir don scoil timpeallacht a chur ar fáil do na foghlaimoirí uile ina bhfreastalaítear ar a n-éagsúlacht, ina mbaintear lánleas as a gcumas foghlama agus ina ndéantar an cumas sin a ailíniú lena riachtanais foghlama. I ráiteas beartais/misin na scoile, ba chóir díriú go láidir ar luathfhágáil na scoile a chosc. Ba chóir do scoileanna gníomhú gan mhoill is cuma cad iad na deacrachtaí foghlama agus na comharthaí luath dícheangail a aithnítear. Is den riachtanas é idirghabháil spriocdhírthe a dhéanamh mar chuid de chreat córasach tacaíochta chun cabhrú le daltaí atá i mbaol.

- **Curaclaim tharraingteacha agus spreagúla agus cineálacha cur chuige éifeachtacha i leith na múinteoireachta:** Ba chóir do churaclaim ardionchais a shocrú don uile foghlaimoir, ach ba chóir dóibh, ag an am céanna, soláthar a dhéanamh le haghaidh foirmeacha pearsanaithe múinteoireachta agus foghlama agus le haghaidh stíleanna difriúla measúnaithe. Ba chóir go ndíreofaí níos mó, dá bharr, ar mheasúnú foirmitheach, chun sealbhú eolais agus forbairt scileanna agus inniúlachtaí ar feadh cumas gach linbh a éascú, agus cáilíocht ábhar an churaclaim á coimeád ag an am céanna. Ba chóir ceangal a bheith ann idir iad agus an gnáthshaol agus le héagsúlacht na sochaí, agus go gcinnteofaí go mbeidh comhleanúnachas ann le leibhéal oideachais agus oiliúna dá éis, nó le cosáin oiliúna malartacha. Ní mór soláthar a bheith iontu le haghaidh cineálacha cur chuige a bheadh dírithe níos mó ar an bhfoghlaimoir agus le haghaidh breis comhoibríthe sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. Ní mór deiseanna a chur ar fáil, leis, chun foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú.

<sup>12</sup> An Coimisiún Eorpach (2015), Staidéar comparáideacha ar dhearbhú cáilíochta i gcórais oideachais scoile an AE (<http://bookshop.europa.eu/en/comparative-study-on-quality-assurance-in-eu-school-education-systems-pbNC0415279/> )

- Folláine na bhfoghlaiméirí: Le linn de bheith ag díriú ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim, níor mhiste folláine na bhfoghlaiméirí a chothú. Chomh maith le timpeallacht shábháilte agus fáilteach a chruthú, féadann scoileanna ról tábhachtach a bheith acu i dtaca le bulaíocht, íospairt, foréigean nó mí-úsáid a bhrath sa scoil féin agus lasmuigh di. Is gá straitéisí a fhorbairt chun bulaíocht a chosc. Ba chóir go mbeadh raon leathan gníomhaíochtaí, tacaíocht agus comhairleoireacht, lena n-áirítear tacaíocht mhothúchánach agus shíceolaíoch chun díriú ar fhadhbanna meabhairshláinte (lena n-áirítear anacair, dúlagar, neamhord struis iarthrámaigh), ar fáil d'fhoghlaiméirí sa scoil agus más cuí, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le seirbhísí áitiúla.
- Meicníochtaí aimsithe luaithe: Tá tábhacht le comharthaí luath dícheangail, lena n-áirítear neamhláithreachas scoile agus iompar neamhchuí, a thabhairt faoi deara go luath agus freagairtí luatha a thabhairt orthu. D'fhéadfaí córais réamhrabhaidh a bhunú, bunaithe ar mholtaí ó údaráis náisiúnta nó áitiúla, cibé acu is cuí.
- Creat sistéamach tacaíochta: Ach deacrachtaí foghlama nó saincheisteanna eile a bheith aitheanta go luath, ba chóir go spreagfadh sé sin frithghníomh trí chreat sistéamach tacaíochta laistigh den scoil. Ba chóir idirghabháil spriocaimsithe d'fhoghlaiméirí atá i mbaol a chur ar fáil ar shlí chuimsitheach; beidh an idirghabháil níos éifeachtaí más foireann ildisciplíne sa scoil, agus/nó gairmithe seachtracha a thugtar isteach sa scoil a théann ina bun, agus má bhíonn gach duine a bhíonn ag idirghníomhú leis an bhfoghlaiméir - baill teaghlach, siblíní, saorálaithe, srl, mar shampla - bainteach leis. Is féidir le plean tacaíochta aonair, a aontaítear leis an bhfoghlaiméir agus lena theaghlach/teaghlach, ina leagtar amach spriocanna soiléire insroichte, a bheith ina chabhair mhór.
- Tacaíocht shonrach le haghaidh cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad: Foghlaiméirí nach í an teanga theagaisc a dteanga dhúchais, ba chóir go bhfaighidís tacaíocht bhreise chuí a chomhlíonfaidh a gcuid riachtanas, lasmuigh d'am scoile más féidir, agus ina seachnófar aon chineál cleachtais idirdhealaitheach nó leithdheighilte. Ba chóir meas a léiriú ar inniúlachtaí na bhfoghlaiméirí ina dteanga dhúchais agus leas a bhaint astu mar acmhainn don rang uile. Is féidir go mbainfidh tuismitheoirí leas as tacaíocht teanga leis – d'fhéadfadh scoileanna dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht anseo m.sh. le heagraíochtaí neamhrialtasacha, chun tacú le foghlaim teangacha do thuismitheoirí ó chúlra imirceach. Ba chóir cineálacha eile tacaíochta a bheith ar fáil, leis, sa scoil nó lasmuigh de, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le seirbhísí áitiúla, go háirithe d'imiricigh a tháinig go dtí an tír le deireanas.
- Guth na bhfoghlaiméirí agus rannpháirtíocht foghlaiméirí i saol na scoile: Is gá d'fhoghlaiméirí a bhrath gur leo féin a gcuid foghlama agus go bhfuil deiseanna acu chun a gcuid tuairimí a chur in iúl. Ach a bheith páirteach i saol na scoile agus ina cuid gníomhaíochtaí cuirtear leis an inspreagthacht agus neartaítear an bhraistint chomhmhuintearais<sup>13</sup>. Ba chóir dóthain ama a bheith ann chun dul i mbun idirphlé sa seomra ranga, trí mheán comhairlí nó fóram mac léinn chun gur féidir le foghlaiméirí fadhbanna a bhaineann lena n-eispéireas foghlama féin a phlé. Is féidir go gcuirfeadh múinteoireacht idirghníomhach agus foghlaim dhialógach (i ngrúpaí beaga, mar shampla) leis na deiseanna atá ag foghlaiméirí chun labhairt go héasca ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a gcuid

<sup>13</sup> Is ceart é rannpháirtíocht leanaí a aithint in Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 364, 18.12.2000, gheofar an téacs iomlán ag [http://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text\\_en.pdf](http://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text_en.pdf)) agus in airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989.

foghlama; d'fhéadfaí modhanna inmheánacha/seachtracha comhairliúcháin a úsáid, leis, chun tuairimí foghlaimeoirí a iarraidh. Is féidir le rannpháirtíocht i dtionscadail scoile ina ndírítear ar shaincheisteanna ar leith (feasacht chomhshaoil, mar shampla), lena n-áirítear lánleas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Erasmus+ agus le ríomhnascadh, a bheith ina cabhair chun rannpháirtíocht mac léinn a chur chun cinn. Ba chóir do scoileanna rannpháirtíocht lánbhríoch foghlaimeoirí i bpróisis chinnteoireachta na scoile, agus i bpróiseas meastóireachta agus feabhsúcháin scoile, a chur chun cinn leis (m.sh. trí ionadaíocht ar bhoird/ar chomhairlí scoile). Is gá tacú le gach foghlaimeoir le gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh i saol na scoile, ach tá sé níos tábhachtaí fós díriú go réamhghníomhach ar dhaltaí imeallaithe le bheith cinnte go mbíonn a nguth le cloisteáil.

- Gairmoideachas agus gairmthreoir: Admhaítear go forleathan ról an ghairmoideachais agus na gairmthreorach ó thaobh luathfhágáil na scoile a chosc. Cuirtear i bhfios sa taighde gur dócha ná a mhalairt go bhfanfaidh mic léinn a bhfuil plean gairme acu ar scoil agus go dtabharfaidh siad faoin oideachas le meon dearfach. Féadfaidh gairmoideachas agus gairmthreoir sistéamach cabhrú chun na hathruithe ríthábhachtacha go leibhéil agus go cosáin eile oideachais agus oiliúna agus chuig an obair a dhéanamh níos réidhe, leis. Ba chóir scileanna staidéir éifeachtúla agus gairmoideachas a bheith lánchomhtháite leis an gcuraclam ó chéimeanna luatha an oideachais chun cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar a nearta agus ar a mbuanna. Féadfar an gairmoideachas a mhúineadh mar thopaic éigeantach; féadfaidh sé a bheith ina ábhar ar leithligh, nó a bheith leabaithe sa churaclam mar ábhar traschuraclaim. De ghnáth bíonn raon leathan gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim i gceist i dtreoir éifeachtach ar feadh an tsaoil, mar shampla cláir taithí oibre, scáthfhoghlaim, gairmchluichí, nó cúrsaí ina bhfaightear blas ar chineálacha oideachais eile. Bíodh is go bhfuil ról tábhachtach ag múinteoirí i dtaca le foghlaimeoirí a chumhachtú chun scileanna a shealbhú a chuirfidh ar a gcumas a gcuid ábhar spéise, inniúlachtaí agus uaimhianacha gairme a shaothrú, is gá, leis, go mbeadh raon leathan geallsealbhóirí (m.sh. comhairleoirí scoile, tuismitheoirí agus fostóirí) páirteach i ngairmoideachas le go mbeidh sé éifeachtach.
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim: Féadfaidh deiseanna oideachais seach-churaclaim agus lasmuigh den scoil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spóirt, ealaíon, cultúr agus eile, agus atá comhoiriúnach le haidhmeanna oideachais, deiseanna breise a thabhairt do dhaoine óga chun a bheith rathúil agus féadann siad cur lena n-inspreagadh agus lena mbraistint muintearais i leith na scoile. Ba chóir na gníomhaíochtaí seo a dhearadh ar shlí chomhtháite chun comhlánú a dhéanamh ar an gcuraclam agus chun rannpháirtíocht mac léinn agus cuimsiú sóisialta a uasmhéadú; d'fhéadfaí iad a bhreithniú agus measúnú foriomlán á dhéanamh ar an bhfoghlaimeoir. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí dá sórt a fhorbairt i gcomhar le tuismitheoirí, institiúidí cultúrtha, eagraíochtaí spóirt agus óige, seirbhísí áitiúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus saorálaithe sa phobal a bheith bainteach leo.

### **3. Múinteoirí**

Tá tábhacht ar leith le múinteoirí i bhfoghlaimeoirí leanaí agus daoine óga ar scoil agus tá siad ar cheann de na príomhghníomhachaithe maidir le rath oideachais. Taispeántar sa taighde gurb é gaol tacúil idir an múinteoir agus an foghlaimeoir an táscaire is láidre ó thaobh cheangal leis an scoil agus gnóthachtáil scoile. Is den riachtanas é go

dtuigfeadh múinteoirí gur acmhainn ríthábhachtach iad don fhoghlaim, agus gur féidir leo difríocht mhór a dhéanamh i dturas foghlama an fhoghlaimora; tá sé chomh tábhachtach céanna iad a bheith feasach gur freagracht i bpáirt é ag múinteoirí uile na scoile agus ag an bpobal scoile ina iomláine cabhrú le foghlaimoirí an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh. Agus iad ag tabhairt aghaidhe ar dhúshlán nua, tá ról an mhúinteora ag éirí níos leithne i gcónaí agus tá méadú ag teacht ar na héilimh a dhéantar ar mhúinteoirí. Aithnítear a thábhachtaí atá breithiúnas gairmiúil an mhúinteora, ach tá gá le scileanna agus le hinniúlachtaí nua nár mhór a shealbhú trí oideachas tosaigh múinteoirí agus trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

- Luathfhágáil na scoile a thuiscint: Ba chóir go mbeadh sé ina eilimint lárnach de chlár oideachais tosaigh múinteoirí agus forbartha gairmiúla leanúnaí tuiscint a fháil ar mheicníochtaí luathfhágála na scoile agus ar mhíbhuntáiste oideachasúil, lena n-áirítear na tosca féideartha riosca agus cosanta. Ní mór do gach múinteoir tuiscint a fháil ar an ról tábhachtach atá ag múinteoirí chun tacú le leanúnachas forbairt agus foghlaim leanaí; tá sé de bhuntáiste ag múinteoirí gur féidir leo dícheangal scoile agus deacrachtaí foghlama a bhrath ag céim an-luath agus mar sin féadann siad beart a dhéanamh láithreach chun díriú ar an bhfadhb. Ní mór dóibh a bheith feasach gur féidir tionchar suntasach a bheith ag a n-ionchais, a ndearcaí agus a dteanga ar dhaltaí agus ar a dteaghlai; ní mór dóibh an ról atá ag tuismitheoirí agus ag teaghlai sa phróiseas foghlama a admháil agus iad a mhealladh chun tairbhe a bhaint as bainteacht tuismitheoirí.
- Inniúlachtaí múinteoirí: Ba chóir bearta agus struchtúir tacaíochta (ar an leibhéal áitiúil, más féidir) a bheith ann chun forbairt ghairmiúil múinteoirí a éascú ar feadh a saoil. Ba chóir go mba chabhair é oideachas tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach ina ndírítear ar chosc na luathfhágála chun gur féidir le múinteoirí tabhairt faoi dhifreáil agus faoi fhoghlaim ghníomhach. Ba chóir go réiteodh sé iad chun múinteoireacht dírithe ar inniúlacht agus measúnú foirmitheach a úsáid go héifeachtach, agus chun tabhairt faoi níos mó den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim bunaithe ar thionscadail agus den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim chomhoibrítheach. Ba chóir go n-athneartódh sé saineolas caidrimh agus cumarsáide (lena n-áirítear teicnící/modhanna chun dul i mbun cumarsáide le tuismitheoirí agus le comhpháirtithe seachtracha), agus straitéisí bainistíochta seomra ranga a chur ar fáil do mhúinteoirí mar aon le straitéisí um bainistíocht éagsúlachta, tógáil caidrimh, réiteach coinbhleachta agus teicnící um chosc na bulaíochta.
- Cumas ceannaireachta múinteoirí a fhorbairt: Is sainchomhartha de cheannaireacht múinteoirí iad iarracht chomhoibrítheach ina bhforbraíonn múinteoirí saineolas agus ina gcuirtear an fhorbairt ghairmiúil chun cinn chun cleachtas oideachasúil a fheabhsú. Ba chóir múinteoirí a mhisniú agus a thacú le dul i gceannas sa seomra ranga agus lastall de. Múinteoirí atá rannpháirteach i bpróisis chomhoibrítheacha ceannaireachta, cuireann siad le héifeachtacht na scoile, le cáilíocht na múinteoireachta agus le feabhsú ar fheidhmíocht mac léinn.
- Taithí oibre: Mar chuid den oiliúint tosaigh múinteoirí, is den tábhacht é deiseanna praiticiúla a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go gcuirfidh siad leis an tuiscint atá acu ar nádúr, ar chúiseanna agus ar a fhorleithne atá luathfhágáil na scoile agus míbhuntáiste oideachasúil, agus ar na héifeachtaí atá acu ar an bhfoghlaim agus na héilimh a chuireann siad ar mhúinteoirí. Ba chóir nochtadh praiticiúil ar réaltacht laethúil luathfhágáil na scoile a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint, m.sh. trí bheith rannpháirteach i socrúcháin oibre i scoileanna ina bhfuil rátaí arda luathfhágála nó ardleibhéil eisiaimh shocheacnamaíoch nó i ngníomhaíochtaí faoi mhaoirseacht le teaghlai leochaileacha. Thabharfadh sé sin

deis do mhúinteoirí faoi oiliúint smaoineamh ar an ról atá acu mar mhúinteoirí agus ar an tslí a fhéachfaidh siad le riachtanais oideachais leanaí i mbaol a chomhlíonadh.

- Piarfhoghlaim: Is den riachtanas é oiliúint scoile a chur ar fáil chun cultúr piarfhoghlama (i measc múinteoirí, ach i dteannta daltaí, leis) agus piarbhreathnóireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn. D'fhéadfaí piarmhaoirsiú a mhisniú, leis, laistigh den scoil agus i gcomhar le scoileanna eile; ba chóir go bhfeidhmeodh scoileanna de chineálacha agus de leibhéal éagsúla mar acmhainn dá chéile trí líonraí scoileanna trínar féidir le scoileanna dul i mbun oibre le chéile agus foghlaim óna chéile. Is féidir le huirlisí TF agus ardáin chomhoibritheacha ar nós an ríomhnasctha a bheith an-éifeachtach ó thaobh na cineálacha comhair seo a thacú.
- Glacadh leis an éagsúlacht: I gcásanna ina n-oibríonn scoileanna chun glacadh le difríochtaí i measc na foirne agus i measc na bhfoghlaimoirí, faightear fianaise ar fheabhsú leanúnach sa scoil. Níor mhór eolas, inniúlachtaí agus scileanna múinteoirí i dtaca le tuiscint a fháil ar éagsúlacht de gach cineál, ar oideachas idirchultúrtha, ar an ilteangachas agus ar fhoghlaimoirí an dara teanga a mhúineadh a leabú san oideachas tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Ba chóir an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn tuilleadh d'fhonn líon mór iarrthóirí a mhealladh isteach ann, a ionadóidh don tsochaí uile, agus chun na daoine is oiriúnaí ina measc siúd a earcú; ba chóir, ag an am céanna, comhtháiteacht láidir a léiriú i dtaca le bunluachanna agus bunchuspóirí na scoile, ar luachanna agus cuspóirí iad a dtacaíonn agus a dtaobhaíonn an tsochaí agus geallsealbhóirí leo.
- Tacaíocht bhreise do mhúinteoirí: Ní mór smaoineamh ar leoraitheantas agus ar leorthacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí a oibríonn i scoileanna ina bhfuil rátaí arda luathfhágála nó ardleibhéal eisiaimh shocheacnamaíoch, m.sh. i bhfoirm dreasachtaí chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, saoire Shabóideach chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, acmhainní breise múinteoireachta nó neamh-mhúinteoireachta, srl. Ní mór soláthar a dhéanamh le haghaidh folláine mhothúchánach na foirne, leis.

#### **4. Tuismitheoirí agus teaghlaigh**

Príomhthoisic le haghaidh rath oideachais is ea bainteacht tuismitheoirí: tá fóirthábhacht le timpeallacht spreagúil baile agus spéis tuismitheoirí chun foghlaim leanaí agus a bhforbairt chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach a chinntiú. Mar sin féin, is féidir leis an ngaol idir scoileanna, tuismitheoirí agus teaghlaigh a bheith dúshlánach. Ar láimh amháin, is féidir go mbraithfidh sé seo ar thaithí na dtuismitheoirí roimhe seo ar an oideachas, ar a gcúlra cultúrtha agus socheacnamaíoch, ar stíleanna éagsúla tuismitheoireachta agus ar an mbraistint go bhfuil achar sóisialta idir "cultúr" agus "teanga" na scoile agus a gcultúr agus a dteanga féin. Ar an láimh eile, is féidir go bhfuil sé seo nasctha le braistint na múinteoirí go bhfuil na tuismitheoirí éighníomhach, deistapaíoch nó sáiteach, agus le heaspa ama agus taithí ó thaobh caidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí agus dul i mbun oibre leo go héifeachtach.

- An t-oideachas mar fhreagracht i bpáirt: Is ag tuismitheoirí agus teaghlaigh a bhíonn an tionchar is díri agus is fadtréimhse ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí. Ní mór aitheantas agus leorthacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ina gcáil mar chomhoidí i bhfoghlaim a leanaí, ag tosú i mblianta na



luath-óige. Féadfaidh scoileanna agus geallsealbhóirí oideachasúla agus neamhoideachasúla bearta a fhorbairt chun cabhrú le teaghlaigh timpeallachtaí baile a bhunú ina spreagfar an fhoghlaim, agus faisnéis agus smaointe a chur ar fáil faoin tslí is féidir cabhrú le leanaí leis an obair bhaile agus le gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an gcuraclam.

- Iontaoibh agus comhar: Is gá comhpháirtíochtaí éifeachtacha idir an teaghlach agus an scoil a bheith bunaithe ar mheas frithpháirteach ar bhuanna agus ar shaineolas a chéile. Is den riachtanas é cultúr iontaofa agus tuisceana frithpháirtí a bheith ann idir scoileanna agus teaghlaigh. Ba chóir go mbraithfeadh an uile thuismitheoir, ó cibé cúlra agus leibhéal oideachais, go bhfuil fáilte romhaibh sa scoil agus go bhféachtar orthu mar acmhainn sa scoil. Is féidir é sin a bhaint amach trí am agus spásanna ar leith a chur i leataobh do thuismitheoirí, le go gcasfaidís ar a chéile agus go dtacódh siad lena chéile, cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí a gcuid scileanna agus saineolas a chomhroinnt mar shaorálaithe i ngníomhaíochtaí oideachais sa seomra ranga (m.sh. ag léamh don rang, ag tabhairt tacaíocht bhreise do dhaltaí aonair, ag treorú grúpaí beaga) nó i ngníomhaíochtaí eile sa scoile (idir ghníomhaíochtaí curaclaim agus ghníomhaíochtaí seach-churaclaim). Nuair is gá, féadfaidh seirbhísí eile, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gairmithe (eadránaithe cultúrtha, meantóirí, oibrithe sóisialta srl.) a bheith páirteach agus cabhrú chun caidreamh dearfach a fhorbairt le tuismitheoirí, go háirithe leo siúd os na cúlraí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus/nó iad siúd a raibh taithí dhiúltach acu ar scoileanna san am atá thart. Féadfaidh imeachtaí/féilte cultúrtha agus gníomhaíochtaí for-rochtana feidhmiú mar dhroichid chultúrtha d'fhonn lámh a shíneadh amach chuig tuismitheoirí atá imeallaithe agus/nó tuismitheoirí ó mhionlaigh eitneacha.
- Rannpháirtíocht i gcinnteoireacht scoile agus i saol na scoile: Trí rannpháirtíocht ghinearálta a chothú i measc tuismitheoirí ar shaincheisteanna maidir le foghlaim, eagrú na scoile agus gníomhaíochtaí scoile, is féidir an trédhearcacht a chur chun cinn agus soláthar níos fearr a dhéanamh ar riachtanais an phobail, rud a chothódh braistint de fhreagracht i bpáirt i dtaca le cúrsaí oideachais. Is gá díriú go réamhghníomhach ar thacú le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí uile i ngníomhaíochtaí scoile agus i rialachas na scoile. Ní mór cabhrú le tuismitheoirí imeallaithe, go háirithe, bheith páirteach i bpróisis chinnteoireachta na scoile. Ba chóir ról na dtuismitheoirí in eagraíocht na scoile a bheith leagtha amach go soiléir. Níor mhór bainteacht tuismitheoirí a leabú go hiomlán i bpróisis mheastóireachta agus mhonatóireachta scoile. Ní mór coincheap an “teaghlaigh” a leathnú chun baill den teaghlach sínte a bhfuil baint acu le hoideachas an linbh a chur san áireamh ann.
- Teacht tuismitheoirí ar fhaisnéis: Ba chóir go mbeadh teacht ag foghlaimeoirí agus ag a dtuismitheoirí, go háirithe iad siúd ó chúlraí imirceach, ar fhaisnéis shoiléir i dtaobh an chórais oideachais sa tír agus i dtaobh na roghanna atá ar fáil; ba chóir go mbeadh seans acu chun dul i dtuiscint ar impleachtaí na roghanna sin do chúrsa staidéir an fhoghlaimora agus dá roghanna níos faide anonn. Ba chóir saincheisteanna scoile, go háirithe maidir le soláthar treorach agus seirbhísí comhairleoireachta, leas mac léinn agus seirbhísí tacaíochta a mhíniú d'fhoghlaimoirí agus dá dtuismitheoirí.
- Cur leis an gcumarsáid: Ach cainéil chumarsáide idir scoileanna agus teaghlaigh a fheabhsú agus a oscailt, is féidir cabhrú chun iontaoibh agus tuiscint fhrithpháirteach a chothú. Ní mór do straitéisí cumarsáide a bheith oiriúnach don chomhthéacs agus do riachtanais tuismitheoirí. Féadfaidh modhanna cumarsáide foirmiúla (oícheanta tuismitheoirí, m.sh.) agus neamhfoirmiúla (imeachtaí

sóisialta, m.sh.) a bheith úsáideach chun caidreamh torthúil a bhaint amach. Is féidir go mbeidh gá le gníomhaíochtaí speisialta for-rochtana, amhail eadránaithe idirchultúrtha, chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nach bhfuil ar a gcompond sa teanga teagaisc. I gcás scoileanna áirithe, is éard atá i gceist le cumarsáid a fheabhsú ná dul i muinín na teicneolaíochta, le ríomhphoist/teachtaireachtaí téacs, córais idirghníomhacha fóin, nuachtlitreacha agus láithreáin Ghréasáin idirghníomhacha. Is den tábhacht é struchtúir a bheith ar fáil chun aiseolas a éascú agus a mhisiú ó thuismitheoirí, agus an t-aiseolas sin a chur san áireamh.

- Deiseanna maidir le hoideachas tuismitheoirí a thairiscint: Taispeántar sa taighde gur féidir le hoideachas teaghlach raon tairbhí a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do leanaí, lena n-áirítear feabhsuithe sa léitheoireacht, sa scríbhneoireacht agus san uimhearthacht. Ceann de na bearta is mó a n-éiríonn leis luathfhágáil na scoile a chosc is ea leibhéal oideachais tuismitheoirí a mhéadú. Nuair a théann tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí oideachais ar a son féin, déantar sraith idirghníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachasúla a chur chun cinn laistigh den teaghlach. Is iad na tairbhí do thuismitheoirí ná féin-éifeachtúlacht, cumhachtú agus bainteacht níos mó i scoil a linbh, mar aon le muinín níos mó iontu féin mar thuismitheoirí agus iad ag cabhrú leis an leanbh ag an mbaile. As sin leanann méadú ar cheangal an dalta leis an scoil agus méadú ar ghnóthachtáil oideachasúil. Is féidir le buntáistí móra teacht d'áiseanna na scoile a oscailt, lasmuigh d'uaireanta na scoile, do ranganna tacaíochta teanga agus do ranganna eile do thuismitheoirí, go háirithe i gcás tuismitheoirí a d'fhéadfadh a bheith ar lagmhuinín maidir leis an gcóras scoile. Cabhraíonn gníomhaíochtaí mar seo le deireadh a chur le cuid de na baic a bhíonn le sárú ag scoileanna, agus iad ag iarraidh rannpháirtíocht tuismitheoirí a mhéadú. Mar sin féin, i gcás tuismitheoirí a raibh taithí an-diúltach acu ar scoileanna san am atá thart, ba chabhair é dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun deiseanna eile a chruthú ina bhféadfaí oideachas tuismitheoirí a chothú i suíomhanna éagsúla.

## **5. Bainteacht geallsealbhóirí**

I bhfianaise nádúr iltaobhach luathfhágáil na scoile, is gá freagairt iltaobhach a thabhairt uirthi, a mbeidh raon leathan geallsealbhóirí, gairmithe agus seirbhísí i gceist inti. Is féidir le dearcaí difriúla agus comhlántacha na ngeallsealbhóirí cabhrú linn tuiscint a fháil ar na fadhbanna; féadfaidh siad réitigh a thairiscint atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha na bhfoghlaimoírí. Is féidir comhoibriú a chur ar bun ar shlite éagsúla agus ar leibhéil éagsúla, de réir na dtosca náisiúnta, m.sh. struchtúir fhoirmeálta agus socrúithe líonraithe níos solúbtha.

Féadfaidh sé am a thógáil gaol iontaofa agus comhar idir geallsealbhóirí difriúla a chur sa siúl, agus is gá an gaol agus an comhar sin a chothú agus mionathruithe a dhéanamh. Ach d'fhéadfadh sé athrú dearfach a chur i gcrích. Ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta, is iad údarais áitiúla nó fiú cinn scoile is fearr a d'fhéadfadh na próisis seo a thacú agus príomhról a ghlacadh maidir le comhar idir scoileanna a chur chun cinn, comhpháirtíochtaí a dhéanamh, seirbhísí a chomhordú, cur chun feidhme a éascú, srl.

- Bainteacht geallsealbhóirí: Is den tábhacht é geallsealbhóirí ábhartha áitiúla a aithint agus iad a bheith bainteach leis an bpróiseas ón tús. Ba chóir raon leathan geallsealbhóirí agus gairmithe a bhreithniú: oibríthe sóisialta, seirbhísí agus eagraíochtaí óige, oibríthe cúraim for-rochtana, síceolaithe, altraí agus teiripeoirí

eile (urlabhra agus teanga), seirbhísí cosanta leanaí, treoirspeisialtóirí, póilíní, ceardchumainn, lucht gnó, eadránaithe idirchultúrtha, cumainn imirceoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí pobalbhunaithe eile ó earnálacha an spóirt, na timpeallachta cultúrtha agus na saoránachta gníomhaí, srl. Ní mór na geallsealbhóirí a roghnú go cuí agus iad a bheith ábhartha maidir le tosca áitiúla agus leis an gcomhthéacs áitiúil. Is den tábhacht é comhoibriú a bheith ann idir comhpháirtithe sóisialta agus gnólachtaí áitiúla de bhrí gur féidir leis cur le hábharthacht an churaclaim maidir le hobair agus é a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine óga. Maidir le bainteacht geallsealbhóirí, ba chóir go ndéanfaí soláthar le haghaidh aiseolais leanúnaigh, oiriúnú agus athrú ar an mbainteacht sin, más cuí. Ba cheart scoileanna a mhisniú chun aitheantas a thabhairt do luach na ngeallsealbhóirí agus don mhéid atá le tairiscint acu.

- Tacaíocht agus ceannaireacht: Ní mór tacaíocht pholaitiúil a bheith ann maidir le comhar agus líonrú a chur chun cinn agus a eagrú ar an leibhéal áitiúil, mar aon le ceannaireacht láidir shoiléir chun an próiseas a stiúradh. Féadfaidh treoirlínte ón leibhéal cuí beartais a bheith ina rogha. Ba chóir meicníochtaí a bheith i bhfeidhm le cinntiú go mbíonn sreabhadh comhalartach faisnéise idir an scoil, a gheallsealbhóirí agus na húdaráis ábhartha, mar is cuí, agus de réir na dtosca náisiúnta. Ba chóir dea-chleachtais agus faisnéis a chomhroinnt ar leibhéal áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta (más cuí) agus idirnáisiúnta.
- Straitéis chomhchoiteann: Féadfaidh straitéis chomhchoiteann/plean gníomhaíochta, bunaithe ar spriocanna soiléire comhroinnte agus tuiscint chomhchoiteann ar na dúshlán, cabhrú chun struchtúr a chur ar chomhar idir geallsealbhóirí. Ní mór an straitéis/plean a bheith dírithe ar riachtanais an fhoghlaiméora, agus í/é bunaithe ar chur chuige ilghníomhaireachta, agus meas á léiriú ar dhearcaí agus ar mhisin dhifriúla na ngeallsealbhóirí éagsúla. Is den tábhacht é ról, freagrachtaí agus struchtúir a bheith sainithe go soiléir agus iad aontaithe ón tús, trí shocruithe conarthacha, b'fhéidir, de réir na dtosca áitiúla. Is féidir go mbeadh an rogha ann chun pointe lárnach comhordaithe a chruthú a d'fhéadfadh cabhrú chun an ceann is fearr a fháil ar an teannas dosheachanta agus a d'fhéadfaí é a úsáid mar áit lárnach um chúnamh do gheallsealbhóirí, agus chun sreafaí faisnéise, seirbhísí agus córais a chomhordú chun tacú le lucht luathfhágála na scoile. Ba chóir meicníochtaí monatóireachta agus meastóireachta a bhunú, agus soláthar a dhéanamh le haghaidh aiseolais leanúnaigh, oiriúnú agus athrú ar an mbainteacht sin, más cuí. Ba chóir treoir/táscairí a fhorbairt chun féinmheastóireacht a éascú, más gá.

## Tuairimí deiridh

Leis an bpáipéar seo tugtar chun críche obair maidir le luathfhágáil na scoile de chuid an Ghrúpa Oibre um Beartas Scoileanna. Tairgeann sé teachtaireachtaí beartais le haghaidh creat coincheapúil agus pragmatach gníomhaíochta chun dul i ngleic le saincheist luathfhágála na scoile. Molann sé paraidím le haghaidh gníomhaíocht leanúnach a chumasódh don Aontas Eorpach a sprioc cheannlíne maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú go níos lú ná 10% faoi 2020. Ach thairis sin, cuireann sé treoirlínte ar fáil a d'fhéadfadh cabhrú le Ballstáit cineálacha cur chuige comhoibritheacha a fhorbairt agus iad ag déileáil le luathfhágáil na scoile.

Tugann na teachtaireachtaí beartais seo treoir maidir leis an tslí ina bhfeadfaí geallsealbhóirí difriúla a chumhachtú agus a thacú chun a bheith rannpháirteach i “gcur chuige sa scoil uile” i leith dul i ngleic le luathfhágáil na scoile. Déantar amhlaidh sa tuairim go mbeidh toradh cuilitheach ag cineálacha cur chuige comhoibritheacha ar ghnéithe eile de shaol saoránach agus pobal ar fud na hEorpa. Ar deireadh, leagtar amach sa doiciméad seo cúlra beartais le haghaidh Uirlisí Úsáide do Scoileanna ar líne, a leanfaidh de bheith ag bailiú dea-chleachtas ó thíortha Eorpacha. Leanfar, ar fud an Aontais Eorpaigh, de chomhar beartais maidir le beartas scoileanna agus tairgfear deiseanna breise le haghaidh piarfhoghlama agus malartú dea-chleachtas.

